Ag ullmhú don olltoghchán

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi sheoladh pholasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na príomhpháirtithe polaitiúla in Éirinn? Cad atá ar eolas agaibh faoi na polasaithe atá ag na páirtithe difriúla? Conas is féidir leis an bpobal teacht ar eolas faoi na polasaithe seo?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. general election _____
2. economic policy _____
3. income tax _____
4. social welfare system _____
5. the national debt _____
6. international competition _____
7. stamp duty _____
8. housing market _____
9. plans of the Opposition _____
10. work of fiction _____
11. finance spokesperson _____
12. allegations _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén t-athrú a dhéanfaidh Fianna Fáil maidir le cáin ioncaim má bhíonn siad i gcumhacht tar éis an olltoghcháin?

2. Cad a dhéanfaidh siad leis an gcóras árachais shóisialta?

3. Cad a deir an tAire Airgeadais Brian Cowen faoi na fiacha náisiúnta?

4. Cén difríocht atá ann idir Fianna Fáil agus an Freasúra ar cheist an dleacht stampa? Cad a deir Brian Cowen faoi seo?

5. Cén dearcadh atá ag urlabhraí an Chomhaontais Ghlais faoi pholasaí nua Fhianna Fáil?

6. Cén cheist eile a bhí le freagairt ag an Taoiseach Bertie Ahern ag an seoladh?

Ceist 4 '... *ísleoidh* an páirtí cáin ioncaim a thuilleadh...'
'...ní *dhéanfaidh* siad aon athrú ar an dleacht stampa...'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Má bhíonn an Páirtí Daonlathach i gcumhacht tar éis an olltoghcháin, _____ siad an pinsean do sheandaoine. (ardaigh)

2. Má bhíonn an Comhaontas Glas i gcumhacht, _____ siad feabhas ar an gcóras iompair phoiblí. (cuir)

3. Má bhíonn Sinn Féin i gcumhacht, _____ siad níos mó tithe do dhaoine ar ioncam íseal. (tóg)

4. Má bhíonn Páirtí an Lucht Oibre i gcumhacht, _____ siad infheistiú sna hospidéil. (déan)

5. Deir Fine Gael go _____ siad isteach i gcomhrialtas le Páirtí an Lucht Oibre. (téigh)

Ceist 5 'Tá sé i gceist ag Fianna Fáil an córas árachais shóisialta a dhéanamh *níos cothroime*.'
'Beidh an iomaíocht idirnáisiúnta *níos géire* sa bhliain 2012.'

An féidir leat féin agus an duine in aice leat an bearnaí thíos a líonadh?

1	cothrom	níos cothroime
2	géar	níos géire
3	cumhachtach	
4	deas	
5	fada	
6	gearr	
7	glan	
8	luath	
9	sean	
10	tapa	
11	mall	
12	éasca	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Cad a cheapann sibh faoi pholasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil? Cad a dhéanfadh sibhse dá mbeadh sibh i gcumhacht? Cad iad na polasaithe a chuirfeadh sibh i bhfeidhm?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. olltoghchán
2. polasaí eacnamaíoch
3. cáin ioncaim
4. córas árachais shóisialta
5. na fiacha náisiúnta
6. iomaíocht idirnáisiúnta
7. dleacht stampa
8. margadh tithíochta
9. pleananna an Fhreasúra
10. saothar ficsin
11. urlabhraí airgeadais
12. líomhaintí

Ceist 3

1. Má bhíonn Fianna Fáil i gcumhacht arís tar éis an olltoghcháin, ísleoidh an páirtí cáin ioncaim a thuilleadh – laghdú de 2% do dhaoine ar ioncam faoi bhun 48,000 euro sa bhliain agus laghdú de 1% do dhaoine a shaothraíonn os a chionn sin.

2. Tá sé i gceist ag Fianna Fáil an córas árachais shóisialta a dhéanamh níos cothroime sa chaoi is go n-íocfaidh daoine ar phá níos airde níos mó PRSI.

3. Deir an tAire Airgeadais Brian Cowen go mbeadh na fiacha náisiúnta nach mór glanta faoin mbliain 2012 agus go gcuideodh sé sin leis an gcéad ghlúin eile dul i ngleic le saol ina mbeidh an iomaíocht idirnáisiúnta níos géire ná riamh.

4. Deir an tAire Cowen nach bhfuil sé i gceist ag Fianna Fáil aon athruithe a dhéanamh ar an dleacht stampa mar atá molta ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre. Deir sé gur cheart a bheith fíor-chúramach gan cur isteach ar an margadh tithíochta agus go bhfuil pleananna an Fhreasúra contúirteach.

5. Saothar ficsin a thug urlabhraí airgeadais an Chomhaontais Ghlais, Dan Boyle, ar pholasaí Fhianna Fáil. Is léir nach bhfuil aon mheas aige ar an bpolasaí.

6. Bhí ar an Taoiseach freagra a thabhairt ar líomhaintí a rinneadh ag an deireadh seachtaine faoina chuid cúrsaí airgeadais phearsanta. Shéan Bertie Ahern go láidir go raibh aon fhírinne sna tuairiscí sin.

Ceist 4

An aimsir fháistineach atá i gceist anseo.

1. ardóidh
2. cuirfidh
3. tógfaidh
4. déanfaidh
5. rachaidh

Ceist 5

1	cothrom	níos cothroime
2	géar	níos géire
3	cumhachtach	níos cumhachtaí
4	deas	níos deise
5	fada	níos faide
6	gearr	níos giorra
7	glan	níos glaine
8	luath	níos luaithe
9	sean	níos sine
10	tapa	níos tapúla
11	mall	níos moille
12	éasca	níos éasca

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Sheol Fianna Fáil a bpolasaí eacnamaíoch don chúig bliana amach romhainn inniu. Níl dáta don olltoghchán fógraithe fós ach glactar leis go bhfuil tús curtha leis an bhfeachtas toghchánaíochta i ndáiríre anois. Tá tuairisc ag Alex Hijmans.

Alex Hijmans

Luíonn polasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil don chúig bliana seo romhainn isteach leis an bpolasaí atá i bhfeidhm cheana féin. Má bhíonn Fianna Fáil i gcumhacht arís tar éis an olltoghcháin, ísleoidh an páirtí cáin ioncaim a thuilleadh – laghdú de 2% do dhaoine ar ioncam faoi bhun 48,000 euro sa bhliain agus laghdú de 1% do dhaoine a shaothraíonn os a chionn sin. Tá sé i gceist ag Fianna Fáil an córas árachais shóisialta a dhéanamh níos cothroime sa chaoi is go n-íocfaidh daoine ar phá níos airde níos mó PRSI. Dúirt an tAire Airgeadais Brian Cowen go mbeadh na fiacha náisiúnta nach mór glanta faoin mbliain 2012 agus go gcuideodh sé sin leis an gcéad ghlúin eile dul i ngleic le saol ina mbeidh an iomaíocht idirnáisiúnta níos géire ná riamh.

Brian Cowen

Ó thaobh an ghlúin atá ag teacht, na fiacha náisiúnta[1] a ísliú chun nach mbeadh sé mar dhualgas orthu na fiacha sin a íoc thar nais do na bancanna idirnáisiúnta.

Alex Hijmans

Dúirt an tAire Cowen nach bhfuil sé i gceist ag Fianna Fáil aon athruithe a dhéanamh ar an dleacht stampa[2] mar atá molta ag Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre. Dúirt sé go gcaithfí a bheith fíor-chúramach gan cur isteach ar an margadh tithíochta agus go raibh pleananna an Fhreasúra contúirteach. Níor chuir cuid de pháirtithe an Fhreasúra aon fhiacail ann agus iad ag tabhairt a mbreith ar an bpolasaí a sheol Fianna Fáil inniu. Saothar ficsin a thug urlabhraí airgeadais an Chomhaontais Ghlais[3] Dan Boyle, ar pholasaí Fhianna Fáil. Ar ndóigh tháinig fógairt pholasaí eacnamaíoch Fhianna Fáil sna sála ar líomhaintí a rinneadh ag an deireadh seachtaine faoi chúrsaí airgeadais an Taoisigh ach anseo ar maidin shéan Bertie Ahern go láidir go raibh aon fhírinne sna tuairiscí a rinneadh ag an deireadh seachtaine agus dúirt sé nach raibh de airgead leis an lá sin i Manchain ach dóthain chun íoc as óstán agus as ticéad do chluiche de chuid Man U.[4]

Alex Hijmans, Nuacht TG4, i mBaile Átha Cliath

[1] *an fiacha náisiúnta* a deirtear sa mhír
[2] *dléacht stampa* a deirtear sa mhír
[3] *urlabhraí airgeadais Chomhaontas Ghlas* a deirtear sa mhír
[4] Manchester United